# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

11 Meitheamh 2020

### OIREACHTAS 2020 AR CEAL

Bhí pobal Chois Fharraige ag súil go mór le hOireachtas na bliana seo, é buailte orainn i mBóthar na Trá, deis dá réir againn freastal ar imeachtaí na féile ó thús go deireadh agus duine as ár bpobal féin, an tOllamh Gearóid Denvir ina Uachtarán ar an bhféile. Bhuel, fógraíodh le deireanaí go bhfuil Oireachtas 2020 ar ceal, nach bhféadfaí an scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm lena linn. Dúirt Liam Ó Maolaodha, Stiúrthóir an Oireachtais le Tuairisc gur pléadh roghanna eile maidir le reáchtáil na féile, ach go raibh an iomarca deacrachtaí ag roinnt leis. Ach, tá coirmeacha ceoil eile beartaithe i mí na Samhna do Leisureland, ceann de na príomhionaid a bhí beartaithe don Oireachtas. Leanfar le Comórtais Liteartha, le Gradaim Foilsitheoireachta, le Gradaim Chumarsáide an Oireachtais agus leis an Oíche Chultúir. I gCill Áirne a bheas Oireachtaisí '21 agus '22.

### CAMPAÍ SAMHRAIDH AR LÍNE

Ní hé an samhradh céanna a bhéas againn i mbliana, faraor! Nach ciúin a bheas an ceantar gan na Gaeilgeoirí? Ach, fiú muna mbeidh na Coláistí Samhraidh i mbun gnímh beidh deiseanna ar fáil dár n-aos óg féin. Tá campaí samhraidh ar líne á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** a dhíreoidh ar aoisghrúpaí, agus ar imeachtaí éagsúla. Beidh Campa a hAon ar siúl ó 29/06-03/07 agus beidh Campa a Dó ar siúl ó 6-10 de mhí Iúil idir 10:30 agus 12:30 chuile lá. Tuilleadh eolais: 087-2461685

### GNÓTHAÍ CHOIS FHARRAIGE ATHOSCAILTE!

Tá brí agus beocht le braith timpeall an cheantair na laethanta seo agus roinnt gnóthaí áitiúla á n-athoscailt. Tar éis deacrachtaí na géarchéime a shárú, tá deifir ar lucht gnó Chois Fharraige a gcuid doirse a athoscailt don phobal. Tá tacaíocht an phobail ríthábhachtach dóibh agus, dar le Gearóid Ó Murchú, sa Spailpín Fánach, is í an phríomhaidhm atá acu faoi láthair an scéal a scaipeadh go bhfuil siad ar oscailt, agus réidh le dul i mbun oibre arís, le réamhcúram Covid-19 á chleachtadh acu, cinnte. Cé gur oscalaíodh roinnt doirse ar an Luan 8ú Meitheamh, osclófar gnóthaí eile de réir a chéile. Guíonn muid chuile rath ar lucht gnó Chois Fharraige.




### POST SA BHFÓRAM

Tá post á fhógairt ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR. Post mar Oifigeach Cúnta Pleanála Teanga, le sainchúraim san óige atá ann. Fáilteofar roimh iarrthóirí le hardchaighdeán Gaeilge ar a gcumas acu, chomh maith le tuiscint ar chúrsaí pleanála teanga agus taithí ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an óige. 'Sé Dé hAoine 12ú Meitheamh an lá deireanach le hiarratas a dhéanamh. Seol iarratas, mar aon le CV chuig ptchoisfharraige@gmail.com.
Beir bua!

### TRAIDPHICNIC AR LÍNE!

Tá áthas ar fud Chois Fharraige go mbeidh deis againn freastal ar Traidphicnic 2020 in ainneoin Chovid! Beidh idir cheoltóirí áitiúla agus cairde ceolmhara as baile isteach ag casadh dúinn, ar líne, idir an 3ú agus an 5ú lá Iúil. Tá Coiste Traidphicnic an-ghnóthach ag taifeadadh ceoltóirí, amhránaithe agus damhsóirí óga agus craolfar na giotáin físe seo idir na coirmeacha ceoil thar dheireadh seachtaine na Féile. Beidh Johnny Óg Connolly, Pádraig Ó Dubhghaill, Síle Denvir, Na Rógairí – Gearóid Ó Murchú, Becky Ní Eallaithe agus Ruairí Mac an Iomaire – mar aon le Ceoltóirí Óga Chois Fharraige le cloisteáil. Beidh Muintir Iarnáin as Iorras Aithneach ann, chomh maith le Sarah Ghriallais agus Tommy Mellet. Beidh an grúpa clúiteach Téada agus Séamas Begley mar aoi acu ann agus neart eile! Beidh Traidphicnic ar líne tré YouTube, Facebook agus Instagram. Coinnigí súil ar leathanach Facebook Traidphicnic. Go n-éirí le Bridge, Steve, Sarah agus Liam!

### RANGANNA GAEILGE NUA

Tá ranganna Gaeilge nua, d'fhoghlaimeoirí tosaithe ar líne. Is deis iontach é do dhuine ar bith ar mhian leo Gaeilge a fhoghlaim don chéad uair, nó duine ar bith a theastaíonn uathu siúil siar a dhéanamh ar an teanga. Bíonn na ranganna ar siúl ar *Zoom*, chuile sheachtain. Glaoigh ar Khatie le haghaidh tuilleadh eolais 083 0101 6294.

## FÉILE NA GEALAÍ AR LÍNE




## *MÍP* AR INSTAGRAM

Le fáilte mhór, mhillteach a chur roimh *Míp*, leabhar Máire Zepf, maisithe ag Paddy Donnelly, glacfaidh an bheirt acu seilbh ar chuntas Instagram ***Futa Fata*** ar an 12ú Meitheamh. Roinnfidh siad pictiúir, físeáin agus radharcanna 'cúl stáitse' ón bpróiseas cruthaitheach a bhí acu, chúns a bhí an scéal á chur i dtoll a chéile acu. Deis a bheidh ann chun ceird na scéalaíochta a fhiosrú! Beidh na físeáin le feiceáil ar Instagram @futafata, nó ar a leathanach Facebook: @futafata. Agus, is féidir an leabhar a cheannach ar a suíomh idirlíon: www.futafata.ie




## MEASC UAIT?

Tá treoracha agus físeán an-bhreá ar shuíomh Tuairisc (https://tuairisc.ie/fisean-treoracha-i-ngaeilge-le-masc-a-fhuail-duit-fein-sa-mbaile/)le cuidiú leat masc a dhéanamh sa mbaile. Bríd Ní Fhinneadha as an gCloch Mhóir atá i mbun an cheachta agus é breá soiléir, indéanta! Is féidir masc a ordú freisin ó Bhríd ach glaoch uirthi ag 087 1343951. Tá cúpla céad masc cadáis déanta ag Bríd agus rachaidh an t-airgead ó na horduithe i gciste an RNLI le cúnamh a thabhairt leis na báid tarrthála agus a gcriúnna cróga a choinneáil ar an gcósta seo.




## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

**Má tá eolas agat ar ghníomhaíochtaí nó acmhainní ar mhian leat iad a fhógairt anseo, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó is féidir r-phost a sheoladh chuici: optchoisfharraige@gmail.com**

Ranganna Aclaíochta fíorúla:
30 nóiméad @ €4 an rang;
**Cleachtadh Cuarda:** Dé Luain @ 8i.n.
**Pilates:** Dé Céadaoin @ 8i.n.
Le haghaidh tuilleadh eolais nó má tá ceist ar bith agat, glaoigh ar:
Christine Cox: 087 121 0277



Tráth na gCeist Kahoot: eolas le fáil ar Facebook: **Óige na Gaeltachta Muintearas Teo.**







Seisiúin Ceoil Tigh Pheadair Mhóir chuile Déardaoin! https://www.youtube.com/watch?v=N47E5c1 mmvo




Siúil siar ar an bhféile Traidphicnic ar Céilí House. (le fáil ar rte.ie/radio1/ceili-house/



Ta clár nua ar líne ó shraith **Chló Iar-Chonnacht**; Rang Beag Scríbhneoireachta. San eagrán seo, tugann Réaltán Ní Leannáin dea-chomhairle agus nodanna maidir leis an bpróiseas cruthaitheach. An-úsáideach do dhaoine óga le spéis acu i réimse na scríbhneoireachta.




## AN COMÓRTAS REATHA

Tá an comórtas reatha thart agus muintir Iarthuaisceart Dhún na nGall ag ceiliúradh! Ghlac breis is trí scór duine sa limistéir s'againne leis an dúshlán aclaíocht laethúil a dhéanamh agus cé nár éirigh linn duais a bhaint amach do Chois Fharraige, thug muid spreagadh dá chéile tré shúil a choinneáil ar a chéile, tré thaifead a choinneáil orainn féin agus tré chomhluadar a choinneáil lena chéile go fíorúil! Bhain na rannpháirtithe an-taitneamh as agus tá neart acu ag leanacht orthu! Aon smaoineamh muigh ansin faoi ghníomhaíocht eile a d'fhéadfadh muid a dhéanamh le chéile? Ná dearmad *5K Fhéile Shin Shedin*ar an 24/06/2020 Táthar ag iarraidh teacht ar an té is sciobtha sa nGaeltacht, an tusa an té sin?
Labhair le Katie: 0830106294.

